



Uimhir 44 de 2004

AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 2004

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.
2. Léiriú.
3. Rialacháin.

CUID 2

LUASTEORAINNEACHA

4. Gnáth-luasteorainneacha.
5. Luasteorainn limistéir fhoirgnithe.
6. Luasteorainn bóithre réigiúnacha agus áitiúla neamhairbeacha.
7. Luasteorainn bóithre náisiúnta.
8. Luasteorainn mótarbhealaigh.
9. Luasteorainn speisialta.
10. Luasteorainneacha ag oibreacha bóthair.
11. Cion an luasteorainn a shárú.
12. Forálacha idirthréimhseacha — luasteorainneacha.
13. Leasú ar alt 53 den Phríomh-Acht (tiomáint chontúirteach).
14. Aisghairm (*Cuid 2*).
15. Fianaise i leith cionta áirithe faoi Acht 2002.

[Uimh. 44.] *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre* [2004.]
2004.

CUID 3

MUIRIR SHEASTA, POINTÍ PIONÓIS AGUS FOINSIÚ ALLAMUIGH

16. Leasú ar alt 2 d'Acht 2002 (pointí pionóis a fhorhhuiniú).
17. Leasú ar alt 7 d'Acht 2002 (achomharc i gcoinne ciontaithe mar gheall ar phointí pionóis).
18. Feidhmeanna muirear seasta a fhoinsiú allamuigh ón nGarda Síochána.
19. Tiománaí feithicle i gcás nach pearsa aonair an t-úinéir cláraithe.
20. Cion ag comhlacht corpraithe, etc.
21. Ceadúnais tiomána daoine a chúisítear i gcionta áirithe a iniúchadh.
22. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002.
23. Leasú ar alt 3 d'Acht 1975 (Maoir Thrácht).

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

24. An tSeirbhís Chúirteanna do chur orduithe cúirte faoi alt 36 agus 29 den Phríomh-Acht in iúl don Aire.
25. Leasú ar alt 9 d'Acht 2002 (dícháiliú de bhun an Choinbhinsiúin Eorpaigh maidir le Dícháiliú chun Tiomána).
26. Ceadanna.
27. Díolúintí d'fheithiclí éigeandála.
28. Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda Síochána.
29. Leasú ar alt 84 den Phríomh-Acht (fodhlíthe i ndáil le háiteanna seasaimh do thacsaithe).
30. Feithiclí inneallghluaiste a sholáthar do mhionaoiseach.
31. Cumhacht údaráis bóithre chun trealamh áirithe, etc. a sholáthar agus a chothabháil ar bhóithre poiblí.
32. “úinéir cláraithe”.
33. Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána tar éis cion tráchtá bóthair a dhéanamh.

CUID 5

ÁRACHAS

34. Oibleagáid a bheith faoi árachas.
35. Leasú ar an Tábla a ghabhann le halt 23 d'Acht 2002.

[2004.] *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre* [Uimh. 44.]
2004.

CUID 6

LEASÚ AR AN ACHT UM RIALÁIL TACSAITHE 2003

36. Leasú ar alt 36 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003
(dícháiliú sainordaitheach).
-

[Uimh. 44.] *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre* [2004.]
2004.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht Airgeadais 1976	1976, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais 1992	1992, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 1992	1992, Uimh. 28
An tAcht Airgeadais 1993	1993, Uimh. 4
An tAcht Airgeadais 1994	1994, Uimh. 27
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thrácht) 1975	1975, Uimh. 14
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968	1968, Uimh. 25
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994	1994, Uimh. 7
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2002	2002, Uimh. 12
Na Achtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2003	
Acht na mBóithre 1993	1993, Uimh. 14
An tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003	2003, Uimh. 25



Uimhir 44 de 2004

AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 2004

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA hACHTANNA
UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 1961 GO 2003, AN ACHTA
UM ÚDARÁIS ÁITIÚLA (MAOIR THRÁCHTA) 1975
AGUS AN ACHTA UM RIALÁIL TACSATHE 2003.

[22 Nollaig, 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2004 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,
tosach feidhme,
comhlua agus
forléiriú.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas *alt 36*) i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe ón Aire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2004 a ghairm de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2003 agus den Acht seo (seachas *Cuid 6*) le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

2.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “Acht 1968” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968;

ciallaíonn “Acht 1975” an tAcht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta) 1975;

ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994;

ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht Rialtais Áitiúil 2001;

ciallaíonn “Acht 2002” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2002;

tá le “limistéar riaracháin” an bhrí a shanntar dó le hAcht 2001;

[Uimh. 44.] *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre* [2004.]
2004.

ciallaíonn “limistéar foirgnithe” limistéar cathrach, buirge nó baile de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001;

ciallaíonn “Coimisinéir” Coimisinéir an Gharda Síochána;

tá le “comhairle contae” agus “comhairle cathrach” na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, in Acht 2001;

tá le “bóthar áitiúil”, “bóthar réigiúnach”, “bóthar náisiúnta” agus “mótarbhealach” na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, in Acht na mBóithre 1993;

ciallaíonn “Aire” an tAire Iompair;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961.

(2) San Acht seo—

- (a) aon tagairt d’alt, is tagairt í d’alt den Acht seo mura geuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
- (b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura geuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus
- (c) tá tagairt d’aon achtachán le forléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an Acht seo.

Rialacháin

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó atá le forordú.

(2) Aon rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo leagfar iad faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

CUID 2

LUASTEORAINNEACHA

Gnáth-luasteorainneacha.

4.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar luasteorainn (“gnáth-luasteorainn”) i leith gach bóthair phoiblí, nó gach bóthair phoiblí ach amháin cibé eisceachtaí a shonrófar sna rialacháin, d’aon aicme feithicle inneallghluaiste.

(2) Féadfar le rialacháin faoin alt seo luasteorainneacha éagsúla a fhorordú d’aon aicme feithicle a úsáideann earnálacha áirithe bóithre poiblí.

(3) Féadfar le rialacháin faoin alt seo socrú a dhéanamh chun aicme nó aicmí feithiclí, lena n-áirítear fo-aicme, a eisceadh ó luasteorainn a shonrófar in aon rialacháin den sórt sin.

5.—(1) Beidh luasteorainn (“luasteorainn limistéir fhoirgnithe”) 50 ciliméadar san uair ann i leith gach bóthair phoiblí, seachas mótarbhealach, i limistéir fhoirgnithe do gach feithicil inneallghluaiste. Luasteorainn limistéir fhoirgnithe.

(2) Níl feidhm ag an luasteorainn limistéir fhoirgnithe maidir le bóthar ná le cuid de i limistéar foirgnithe i gcás go bhfuil feidhm ag luasteorainn speisialta nó luasteorainn oibreacha bóthair maidir leis an mbóthar sin nó leis an gcuid sin.

6.—(1) Beidh luasteorainn (“luasteorainn bóithre réigiúnacha agus áitiúla”) 80 ciliméadar san uair ann i leith gach bóthair réigiúnaigh agus áitiúil, seachas bóithre den sórt sin i limistéir fhoirgnithe, do gach feithicil inneallghluaiste. Luasteorainn bóithre réigiúnacha agus áitiúla neamhairbeacha.

(2) Níl feidhm ag an luasteorainn bóithre réigiúnacha agus áitiúla maidir le bóthar réigiúnach agus áitiúil neamhairbeach ná le cuid de i gcás go bhfuil feidhm ag luasteorainn speisialta nó luasteorainn oibreacha bóthair maidir leis an mbóthar sin nó leis an gcuid sin.

7.—(1) Beidh luasteorainn (“luasteorainn bóithre náisiúnta”) 100 ciliméadar san uair ann i leith gach bóthair náisiúnta, seachas bóithre náisiúnta i limistéir fhoirgnithe, do gach feithicil inneallghluaiste. Luasteorainn bóithre náisiúnta.

(2) Níl feidhm ag an luasteorainn bóithre náisiúnta maidir le bóthar náisiúnta ná le cuid de i gcás go bhfuil feidhm ag luasteorainn speisialta nó luasteorainn oibreacha bóthair maidir leis an mbóthar sin nó leis an gcuid sin.

8.—(1) Beidh luasteorainn (“luasteorainn mótarbhealaigh”) 120 ciliméadar san uair ann i leith gach mótarbhealaigh do gach feithicil inneallghluaiste. Luasteorainn mótarbhealaigh.

(2) Níl feidhm ag an luasteorainn mótarbhealaigh maidir le haon mhótarbhealach ná le cuid de i gcás go bhfuil feidhm ag luasteorainn speisialta nó luasteorainn oibreacha bóthair maidir leis an mótarbhealach sin nó leis an gcuid sin.

9.—(1) Féadfaidh comhairle contae nó comhairle cathrach fodhlíthe (“fodhlíthe luasteorainn speisialta”) a dhéanamh ina ndéanfar, maidir le haon bhóthar poiblí sonraithe nó le haon chuid shonraithe de bhóthar poiblí nó le haon charrbhealach sonraithe nó le haon lána de bhóthar poiblí laistigh dá limistéar riaracháin, an luasteorainn (“an luasteorainn speisialta”) a shonrú arb í an luasteorainn í ar an mbóthar sin nó ar na bóithre sin d’fheithicil inneallghluaiste. Luasteorainneacha speisialta.

(2) Is iad na luasteorainneacha speisialta a fhéadfar a shonrú i bhfodhlíthe faoin alt seo—

- (a) 30 ciliméadar san uair, nach gcuirfear chun feidhme i leith bóthair nó bóithre (seachas mótarbhealach) ach amháin de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoin alt seo,
- (b) 50 ciliméadar san uair, i leith aon bhóthair seachas bóthar i limistéar foirgnithe,
- (c) 60 ciliméadar san uair,

[Uimh. 44.] *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre* [2004.]
2004.

- (d) 80 ciliméadar san uair, i leith mótarbhealaigh, bóthair náisiúnta nó bóthair i limistéar foirgnithe,
- (e) 100 ciliméadar san uair, i leith mótarbhealaigh, bóthair neamhuirbhígh réigiúnaigh nó áitiúil nó bóthair i limistéar foirgnithe, agus
- (f) 120 ciliméadar san uair, i leith débhealaigh is cuid de bhóthar náisiúnta nach mótarbhealach de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi *fho-alt (9)*,

(3) Sula ndéanfaidh sí fodhlíthe luasteorann speisialta tabharfaidh comhairle contae nó comhairle cathrach fógra dóibh seo a leanas—

- (a) comhairle aon bhuirge nó aon bhaile sa chontae riaracháin lena mbaineann maidir le haon fhoráil sna fodhlíthe beartaithe a bhaineann le bóithre ina limistéir riaracháin faoi seach, agus
- (b) an Coimisinéir, agus

breithneoidh sí aon uiríll a dhéanfaidh aon chomhairle den sórt sin nó an Coimisinéir i scríbhinn i gcás go bhfaighfear iad laistigh den tréimhse (is tréimhse nach giorra ná mí amháin tar éis dháta seirbheála an fhógra) a shonrófar san fhógra.

(4) Aon uair a bheartóidh comhairle contae nó cathrach, tar éis aon uiríll faoi *fho-alt (3)* a bhreithniú, fodhlíthe a dhéanamh faoin alt seo, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas—

- (a) déanfaidh an chomhairle fógra maidir lena bhfuil beartaithe aici a fhoilsiú uair amháin ar a laghad in 2 nuachtán laethúla ar a laghad ar nuachtáin iad a fhoilsítear agus a scaiptear sa Stát nó sa limistéar lena mbaineann na fodhlíthe,
- (b) beidh san fhógra—
 - (i) ráiteas maidir leis an gcríoch a mbeidh na fodhlíthe le déanamh ina leith,
 - (ii) faisnéis á chur in iúl go bhfuil cóip de dhréacht-fhodhlíthe ar fáil chun a hiniúchta ag an bpobal ag an seoladh a luafar san fhógra, agus
 - (iii) faisnéis á chur in iúl go bhféadfaidh aon duine agóidí in aghaidh na ndr éacht-fhodhlíthe a chur faoi bhráid na comhairle aon tráth i rith na tréimhse 30 lá dar tosach an dáta a chéadfhoilseofar an fógra,
- (c) coimeádfaidh an chomhairle, i rith na tréimhse 30 lá sin, cóip de na dréacht-fhodhlíthe ar fáil chun a hiniúchta ag an bpobal i rith gnáthuaire oifige ag an seoladh a luafar san fhógra,
- (d) féadfaidh aon duine a dhéanfaidh agóid in aghaidh na ndr éacht-fhodhlíthe a agóid nó a hagóid a chur faoi bhráid na comhairle i scríbhinn aon tráth i rith na tréimhse 30 lá sin agus déanfaidh an chomhairle na hagóidí a bhreithniú.

(5) Féadfaidh comhairle contae nó cathrach, le linn fodhlíthe luasteorann speisialta a dhéanamh faoin alt seo, ar mhaithe le

sábháilteacht ar bhóithre, luasteorainn speisialta a chur chun feidhme go ceann tréimhse nó tréimhsí sonraithe i rith aon lae nó laethanta sonraithe (ar tréimhsí agus laethanta iad sin a luafar sna fodhlíthe sin) ar bhóthar sonraithe nó ar mhótarbhealach sonraithe nó ar chuid de agus is í an luasteorainn speisialta sin, d'ainneoin aon fhorála eile sna fodhlíthe sin a bhaineann le haon bhóthar nó mótarbhealach den sórt sin nó le haon chuid de, an luasteorainn don bhóthar sin i rith na tréimhse nó na dtréimhsí sin amháin.

(6) Féadfaidh comhairle contae nó cathrach, ag féachaint d'ímthosca a bhaineann go leithleach le bóthar náisiúnta nó mótarbhealach sonraithe, nó le haon chuid, carrbhealach nó lána sonraithe de mhótarbhealach sonraithe nó de bhóthar náisiúnta sonraithe, faoi réir *fho-alt* (7), a shonrú i bhfodhlíthe luasteorann speisialta go bhfuil feidhm ag luasteorainn speisialta i leith an bhóthair náisiúnta sin nó an mhótarbhealaigh sin, nó i leith na coda, an charrbhealaigh nó an lána sin de, in ionad na luasteorann ar gnách feidhm a bheith aici maidir leis an mbóthar náisiúnta nó leis an mótarbhealach, go ceann aon tréimhse ina mbeidh na himthosca i réim agus i gcás ina dtabharfar tuairisc orthu sna fodhlíthe.

(7) Ní dhéanfaidh comhairle contae ná comhairle cathrach fodhlíthe faoin alt seo i ndáil le bóthar náisiúnta nó mótarbhealach gan toiliú an Údaráis um Bóithre Náisiúnta roimh ré i scríbhinn.

(8) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas go léir nó le haon cheann díobh:

- (a) athrú a dhéanamh ar na luasteorainneacha atá sonraithe i *bhfo-alt* (2) agus beidh éifeacht leis an bhfo-alt sin de réir aon rialachán den sórt sin a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire; nó
- (b) aicme nó aicmí feithiclí inneallghluaiste a dhíolmhú ó luasteorainn shonraithe nó ó na luasteorainneacha go léir atá sonraithe nó a bhfuil éifeacht leo faoin alt seo.

(9) Féadfaidh an tAire treoirínite a eisiúint a bhaineann le fodhlíthe a dhéanamh faoin alt seo agus féadfaidh sé nó sí aon treoirínite den sórt sin a leasú nó a chealú. I gcás aon treoirínite den sórt sin a bheith i bhfeidhm de thuras na huaire, déanfaidh comhairle contae nó comhairle cathrach aird a thabhairt orthu nuair a bheidh aon fhodhlíthe den sórt sin á ndéanamh acu.

(10) Is feidhmeanna forchoimeáda (de réir bhrí Acht 2001) iad fodhlíthe luasteorann speisialta a dhéanamh faoin alt seo agus uirill a dhéanamh faoi *fho-alt* (3)(a).

(11) I gcás fodhlíthe luasteorann speisialta d'fheidhmiú luasteorann speisialta maidir le bóthar poiblí sonraithe nó le cuid shonraithe de bhóthar poiblí nó le carrbhealach sonraithe nó lána sonraithe de bhóthar poiblí, ní bheidh feidhm ag an luasteorainn sin i gcás go ndéanfar ordú luasteorann oibreacha bóthair i leith an bhóthair phoiblí nó i leith an chuid, an charrbhealaigh nó an lána de.

(12) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur cóip é d'fhodhlíthe luasteorann speisialta, agus a mbeidh deimhniú formhuinthe air a airbheartóidh a bheith sínithe ag oifigeach don chomhairle contae nó don chomhairle cathrach a rinne na fodhlíthe á rá gur cóip dhílis de na fodhlíthe an doiciméad agus go raibh na fodhlíthe i bhfeidhm lá sonraithe, beidh sé, gan chruthúnas ar shíniú an oifigigh sin nó gurbh é nó í an t-oifigeach sin é nó í iarbhír, ina fhianaise, i ngach cúirt

agus i ngach imeacht dlíthiúil, go dtí go suffear a mhalairt, go raibh na fodhlíthe ann agus go raibh siad i bhfeidhm ar an dáta sin.

Luasteorainneacha
ag oibreacha
bóthair.

10.—(1) Féadfaidh bainisteoir contae nó bainisteoir comhairle cathrach, má mheasann sé nó sí é a bheith ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre, ar bhóthar nó ar mhótarbhealach nó ar chuid de bhóthar nó de mhótarbhealach mar a mbeidh oibreacha bóthair á ndéanamh i limistéar riaracháin an chontae nó na comhairle cathrach ar a mbeidh sé nó sí ina bhainisteoir nó ina bainisteoir, le hordú (“ordú luasteorann oibreacha bóthair”) teorainn speisialta (“luasteorainn oibreacha bóthair”) a chur i bhfeidhm i ndáil leis an mbóthar nó leis an mótarbhealach nó le cuid de, ar luasteorainn í nach lú ná 30 ciliméadar san uair, mar an luasteorainn ar an mbóthar nó ar an mótarbhealach d’fheithiclí inneallghluaiste, in ionad na luasteorann dá bhforáiltear nó lena bhfuil éifeacht faoin Acht seo i leith an bhóthair nó an mhótarbhealaigh nó cuid den chéanna.

(2) Beidh ordú luasteorann oibreacha bóthair i bhfeidhm ar feadh ré na n-oibreacha bóthair, faoi réir gan éifeacht a bheith ag aon ordú den sórt sin ar feadh tréimhse is faide ná 12 mhí ó dháta a dhéanta.

(3) Ní dhéanfar ordú luasteorann oibreacha bóthair i leith bóthair náisiúnta ná mótarbhealaigh, gan toiliú an Údaráis um Bóithre Náisiúnta roimh ré i scríbhinn.

(4) Sula ndéanfaidh sé nó sí ordú luasteorann oibreacha bóthair, tabharfaidh an bainisteoir lena mbaineann fógra don Choimisinéir i scríbhinn á rá go bhfuil ar intinn aige nó aici an t-ordú a dhéanamh.

(5) Breithneoidh an bainisteoir aon uirill a dhéanfaidh an Coimisinéir i scríbhinn agus a gheobhaidh an bainisteoir laistigh de mhí tar éis an fógra a thabhairt.

(6) Nuair a dhéanfar ordú luasteorann oibreacha bóthair foilseoidh an bainisteoir lena mbaineann fógra i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa chontae nó sa chomhairle cathrach lena mbaineann an t-ordú, ar fógra é ina dtaispeánfar an suíomh ina mbeidh feidhm ag an ordú, an tréimhse ar lena linn a mbeidh feidhm aige agus an luasteorainn is infheidhme tríd an ordú. Beidh aird ag an mbainisteoir ar aon uirill a dhéanfar chuige nó chuici i ndáil leis an ordú luasteorann oibreacha bóthair.

(7) Féadfaidh bainisteoir aon tráth laistigh den tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt* (2) ordú luasteorann oibreacha bóthair a dhéanfaidh sé nó sí a chúlghairm nó a leasú.

(8) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur cóip é d’ordú luasteorann oibreacha bóthair agus a mbeidh deimhniú formhuinithe air a airbheartóidh a bheith sínithe ag an mbainisteoir a dhéanfaidh an t-ordú nó ag oifigeach don údarás áitiúil lena mbaineann a bheidh ainmnithe ag an mbainisteoir á rá gur cóip dhílis den ordú an doiciméad agus go raibh an t-ordú i bhfeidhm lá sonraithe, beidh sé, gan chruthúnas ar shíniú an bhainisteora nó an oifigigh sin nó gurbh é nó í an bainisteoir nó an t-oifigeach sin é nó í iarbhír, ina fhianaise, i ngach cúirt agus i ngach imeacht dlíthiúil, go dtí go suífear a mhalairt, go raibh an t-ordú ann agus go raibh sé i bhfeidhm ar an dáta sin.

11.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 47 den Phríomh-Acht:

Cion an luasteorainn a shárú.

“47.—(1) Ní thiomáinfidh duine feithicil inneallghluaiste ar luas is mó ná an luasteorainn—

- (a) a mbeidh feidhm aici maidir leis an bhfeithicil sin, nó
- (b) a mbeidh feidhm aici maidir leis an mbóthar ar a mbeidh an fheithicil á tiomáint i gcás gurb ísle an luasteorainn sin ná an luasteorainn a mbeidh feidhm aici maidir leis an bhfeithicil sin.

(2) Aon duine a sháróidh fo-alt (1) beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) San alt seo ciallaíonn “luasteorainn” luasteorainn arb éard í—

- (a) gnáth-luasteorainn,
- (b) an luasteorainn limistéir fhoirgnithe,
- (c) an luasteorainn bóithre réigiúnacha agus áitiúla,
- (d) an luasteorainn bóithre náisiúnta,
- (e) an luasteorainn mótarbhealaí,
- (f) luasteorainn speisialta, nó
- (g) luasteorainn oibreacha bóthair.”

12.—(1) Ar thosach feidhme *alt 9*, leanfaidh fodhlíthe arna ndéanamh faoi alt 46 (a cuireadh isteach le halt 33 d’Acht 1994) den Phríomh-Acht de bheith i bhfeidhm agus meastar gur fodhlíthe iad chun críocha an *ailt 9* sin agus déanfar iad a léamh mar fhodhlíthe lena gcuirtear i bhfeidhm—

Forálacha idirthréimhseacha - luasteorainneacha.

- (a) luasteorainn 50 ciliméadar san uair, in ionad na luasteorainn limistéir fhoirgnithe 30 míle san uair,
- (b) luasteorainn 60 ciliméadar san uair, in ionad na luasteorainn speisialta 40 míle san uair, agus
- (c) luasteorainn 80 ciliméadar san uair, in ionad na luasteorainn speisialta 50 míle san uair,

agus beidh éifeacht leo in aon chontae nó cathair lena mbaineann siad go dtí cibé tráth a dhéanfar fodhlíthe i leith an chontae nó na cathrach sin faoin alt sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, maidir le síneacha tráchta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi alt 95 (arna leasú le halt 37 d’Acht 1994) den Phríomh-Acht agus lena dtaispeántar na luasteorainneacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* mar luasteorainneacha a mbeidh feidhm acu in ionad na luasteorainneacha roimhe sin a raibh feidhm acu roimh thosach feidhme *alt 9*, soláthrófar iad a luaithe is féidir tar éis an dáta sin sna suímh ina raibh feidhm ag na luasteorainneacha sin roimhe sin de réir mar a fhoráiltear i bhfodhlíthe arna ndéanamh faoi alt 46 (a cuireadh isteach le halt 33 d’Acht 1994) den Phríomh-Acht.

(3) Maidir le sín tráchta arna soláthar chun luasteorainn a raibh feidhm aici roimh thosach feidhme *alt 9* a thaispeáint, measfar, an lá sin nó dá éis, í a bheith ag taispeáint na luasteorann nua a mbeidh feidhm aici in ionad na luasteorann roimhe sin go dtí go ndéanfar foráil maidir le sín tráchta de réir *fho-alt (2)*.

Leasú ar alt 53 den Phríomh-Acht (tiomáint chontúirteach).

13.—Leasaítear alt 53 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) In ionchúiseamh i leith ciona faoin alt seo, ní cosaint é a shuíomh nach raibh an luas ar a raibh an duine cúisithe ag tiomáint níos mó ná luasteorainn a raibh feidhm aici maidir leis an bhfeithicil nó leis an mbóthar, cibé acu is ísle faoin Acht seo.”.

Aisghairm (*Cuid 2*).

14.—Aisghairtear ailt 44, 44A (a cuireadh isteach le halt 24 d’Acht 1968), 44B (a cuireadh isteach le halt 31 d’Acht 1994), 45 (a cuireadh isteach le halt 32 d’Acht 1994) agus 46 (a cuireadh isteach le halt 33 d’Acht 1994) den Phríomh-Acht.

Fianaise i leith cionta áirithe faoi Acht 2002.

15.—Leasaítear alt 21 d’Acht 2002—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfar an dualgas chun cruthúnas *prima facie* ar chomhábhar ciona a shuíomh (lena n-áirítear an luas ar a raibh duine, cibé acu an cúisí nó duine eile, ag tiomáint) faoi alt 47, 52, 53, 55, 91, 92, 93 nó 94 den Phríomh-Acht nó faoi alt 35 d’Acht 1994 a chomhlíonadh trí fhianaise a thairiscint as ar féidir an comhábhar sin a bhaint mar thátal, ar fianaise í ar thomhais nó ar léirithe eile a tugadh—

(a) le gléas leictreonach nó gléas eile (lena n-áirítear ceamara) atá in ann buantaifead a sholáthar (lena n-áirítear amharc-bhuantaifead) agus ar tomhais nó léirithe eile iad atá i dtaifead den sórt sin a tháirg an gléas sin, nó

(b) le gléas leictreonach nó gléas eile (lena n-áirítear gunna radair) nach bhfuil in ann buantaifead a tháirgeadh.

Ní gá a chruthú go raibh an gléas leictreonach nó an gléas eile cruinn nó in ordú maith oibre.”.

(b) i bhfo-alt (2)(a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-mhír (i):

“(i) a airbheartóidh gur taifead, nó gur cóip de thaifead (nach amharcthaifead), é dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) agus go bhfuil sé sínithe ag comhalta den Gharda Síochána, agus”.

(c) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) i gcás gléis dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), beidh sé in ann taifead ar na tomhais nó ar na léirithe eile dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a tháirgeadh, agus”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) In imeachtaí i leith ciona dá dtagraítear i bhfo-alt (1) toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt—

(a) gur chomhalta den Gharda Síochána a sholáthair agus a chothaigh an gléas leictreonach nó an gléas eile a úsáideadh chun fianaise a thairiscint, agus

(b) gur chomhalta den Gharda Síochána a rinne aon taifid arna dtáirgeadh leis an ngléas sin a réaladh agus a tháirgeadh agus gurbh é nó í a bhreathnaigh orthu.

(6) San alt seo—

ciallaíonn ‘gunna radair’ gléas—

(a) a fhéadfar a úsáid chun luas ruda ghluaiste (ar nós mótarfheithicle) a thomhas trí chomhartha ón ngléas a dhíriú ar an rud, agus, má dhéantar an comhartha a fhrithchaitheamh den rud, go nglacann an gléas an comhartha frithchaite ina dhiaidh sin, agus

(b) atá in ann luas an ruda a thomhas agus an luas a thaispeáint ar an ngléas;

folaíonn ‘taifead’ amharthaifead is féidir a stóráil go buan ar an ngaireas lena mbaineann.”.

CUID 3

MUIRIR SHEASTA, POINTÍ PIONÓIS AGUS FOINSIÚ ALLAMUIGH

16.—Leasaítear alt 2 d’Acht 2002—

Leasú ar alt 2
d’Acht 2002 (pointí
pionóis a
fhormhuiniú).

(a) i bhfo-alt (5), trí “nó duine a bheidh ceaptha faoi alt 103 den Phríomh-Acht” a chur isteach i ndiaidh “Gharda Síochána” agus “Coimisinéir”, agus

(b) i bhfo-alt (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Nuair a chiontófar duine i gcion pointí pionóis, déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fógra a thabhairt don Aire maidir leis an gciontú—

(i) i gcás go dtionscnaítear achomharc i gcoinne an chiontaithe agus go dtabharfar cinneadh i gcoinne an duine, a luaithe is féidir tar éis an chinnidh sin, agus

- (ii) i gcás nach dtionscnaítear achomharc i gcoinne an chiontaithe, a luaithe is féidir tar éis dul in éag don ghnáth-thréimhse chun achomharc den sórt sin a thionscnamh.”.

Leasú ar alt 7 d’Acht 2002 (achomharc i gcoinne ciontaithe mar gheall ar phointí pionóis).

17.—Leasaítear alt 7 d’Acht 2002 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás ina ndéanfar ordú faoi *fho-alt* (3), cuirfidh an tSeirbhís Chúirteanna an méid sin in iúl don Aire.”.

Feidhmeanna muirear seasta a fhoinsíú allamuigh ón nGarda Síochána.

18.—(1) Leasaítear alt 103 (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 2002) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) cibé cionta achoimre faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2004* agus faoi Acht na mBóithre 1993 ar ina leith a dhearbhóidh an tAire le rialacháin, arna ndéanamh tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, gur cionta muirear seasta iad, agus

(b) cion faoi alt 73 den Acht Airgeadais 1976,

agus gairtear cion muirear seasta san alt seo d’aon chion a bheidh arna dhearbhu amhlaidh faoi mhír (a), agus den chion dá dtagraítear i mír (b), den fho-alt seo.”,

(b) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) maidir le húinéir cláraithe na feithicle—

(i) is pearsa aonair, nach raibh sé nó sí ag tiomáint na feithicle ná á húsáid ar shlí eile, nó

(ii) is comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, nach raibh sé in ann an fheithicil a thiomáint ná a úsáid ar shlí eile,

tráth déanta an chiona líomhnaithe lena mbaineann an fógra,”,

tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Maidir le fógra faoin alt seo san fhoirm fhorordaithe—

(a) beidh sonraí ann maidir leis an modh chun muirear seasta a íoc, agus

(b) féadfar a shonrú ann an duine lena bhfuil an íocaíocht le déanamh agus an áit ina bhfuil an íocaíocht le déanamh agus an bhfuil an fógra, arna chomhlánú go cuí, le bheith ag gabháil leis an íocaíocht.”

(d) i bhfo-alt (7), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b) agus (c):

“(b) go bhféadfaidh an duine, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, muirear seasta a íoc de réir mar a shonraítear san fhógra,

(c) mura ndéanfaidh an duine an íocaíocht a shonraítear i mír (b) den fho-alt seo, le linn na tréimhse a shonraítear amhlaidh, go bhféadfaidh an duine, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta éagtha na tréimhse sin, muirear seasta atá 50 faoin gcéad níos mó ná an méid forordaithe dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt seo a íoc de réir mar a shonraítear san fhógra, agus”

(e) i bhfo-alt (8)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b) agus (c):

“(b) go bhféadfaidh duine a dhlífear a ionchúiseamh i leith an chiona, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, muirear seasta forordaithe a íoc,

(c) mura ndéanfaidh an duine an íocaíocht a shonraítear i mír (b) den fho-alt seo le linn na tréimhse a shonraítear amhlaidh, féadfaidh an duine, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta éagtha na tréimhse a shonraítear sa mhír sin, muirear seasta atá 50 faoin gcéad níos mó ná an méid forordaithe dá dtagraítear i mír (b) den alt seo, a íoc,”

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (h):

“(h) faoi réir mhír (f) den fho-alt seo, gur cion é mainneachtain an fo-alt sin (4) a chomhlíonadh a ndlífear fíneáil nach mó ná €1,000 a chur ar an úinéir cláraithe ar é nó í a chiontú go hachomair ann.”

(f) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(8A) Ní ghlacfar le híocaíocht muirear seasta tar éis dul in éag don tréimhse 56 lá dar tosach dáta an fhógra lena mbaineann ar fógra é a seirbheáladh nó a greamaíodh faoi fho-alt (2) nó a seirbheáladh faoi fho-alt (5) den alt seo, de réir mar a bheidh.”

(g) i bhfo-alt (9), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) féadfaidh duine nó féadfaidh an duine lena mbaineann an fógra, le linn na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, íocaíocht a dhéanamh de réir mar a shonrófar san fhógra.”,

(h) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) In ionchúiseamh mar gheall ar chion muirear seasta, toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt—

(a) gur seirbheáladh an fógra iomchuí faoin alt seo nó gur cuireadh faoi deara é a sheirbheáil, agus

(b) nach ndearnadh íocaíocht de bhun an fhógra iomchuí faoin alt seo, agus an fógra, arna chomhlánú go cuí, ina teannta (mura rud é go ndéantar foráil leis an bhfógra maidir leis an íocaíocht a dhéanamh gan an fógra a bheith i dteannta na híocaíochta).”,

agus

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (22)

“(23) (a) Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, trí chomhaontú i scríbhinn, arna dhéanamh le duine, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a fhorordófar sa chomhaontú, foráil a dhéanamh maidir leis an duine sin—

(i) do chomhlíonadh fheidhm an Choimisinéara i leith doiciméad faoi fho-alt (5) den alt seo a sheirbheáil, nó

(ii) do chomhlíonadh aon cheann d’fheidhmeanna comhalta den Gharda Síochána nó maoir tráchta faoin alt seo seachas na feidhmeanna a shonraítear i bhfo-alt (2) den alt seo.

(b) Féadfaidh feidhm a bheith ag comhaontú dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt seo maidir le gach ceann nó aon cheann de na feidhmeanna dá dtagraíonn an mhír sin a chomhlíonadh i leith na gcionta go léir nó cionta roghnaithe a bhfuil feidhm ag an alt seo ina leith.

(c) Beidh feidhm ag alt 14(2), (3) agus (4) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2002 maidir le haon chomhaontú a dhéanfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi mhír (a) den fho-alt seo.”.

(2) Maidir le rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (1) d’alt 103 den Phríomh-Acht a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an leasaithe a dhéantar le *fo-alt (1)(a)*, leanfaidh siad de bheith i

bhfeidhm tar éis an tosach feidhme sin amhail is dá mba faoin bhfo-alt sin arna chur isteach le *fo-alt (1)(a)* a rinneadh iad.

19.—(1) Chun críocha fho-alt (11) d’alt 103 (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 2002) den Phríomh-Acht agus fho-alt (10) d’alt 3 (a cuireadh isteach le halt 12 d’Acht 2002) d’Acht 1975, i gcás nach dtugann tiománaí cláraithe na feithicle inneallghluaiste lena mbaineann an fhaisnéis a shonraítear i gceachtar de na fo-ailt sin agus nach pearsa aonair an t-úinéir, ansin measfar—

Tiománaí feithicle i gcás nach pearsa aonair an t-úinéir cláraithe.

- (a) i gcás gur sa Stát a cláraíodh an fheithicil ach nár céadcheadúnaíodh í faoi Rialacháin 1992, gurbh é nó í an phearsa aonair a rinne iarratas ar chlárú faoi alt 131 den Acht Airgeadais 1992,
- (b) i gcás gur sa Stát a ceadúnaíodh an fheithicil faoi Rialacháin 1992—
 - (i) faoi réir *fhomhír (ii)*, gurbh é nó í an phearsa aonair is déanaí a rinne iarratas ar an bhfeithicil a cheadúnú sula ndearnadh an cion líomhnaithe, nó
 - (ii) i gcás go mbeidh úinéireacht na feithicle aistrithe ó dhuine eile chuig an úinéir sula ndearnadh an cion líomhnaithe agus nach mbeidh iarratas déanta ag an úinéir cláraithe, mar úinéir nua na feithicle, ar í a cheadúnú faoi Rialacháin 1992, gurbh é nó í an phearsa aonair a shínigh, mar úinéir nua na feithicle, an fógra maidir le húinéireacht feithicle a aistriú, a bhain leis an bhfeithicil, faoi Rialacháin 1992,
- (c) i gcás gur faoi cheadúnas trádála arna eisiúint faoi alt 21 den Acht Airgeadais (Uimh. 2) 1992 a úsáidtear an fheithicil, gurbh é nó í an phearsa aonair is déanaí a rinne iarratas ar an gceadúnas sula ndearnadh an cion líomhnaithe, nó
- (d) i gcás go raibh an fheithicil ina hábhar comhaontaithe fruilcheannaigh nó comhaontaithe ligin, an tráth a rinneadh an cion líomhnaithe—
 - (i) gurbh é nó í an phearsa aonair a bhí i seilbh na feithicle faoin gcomhaontú, nó
 - (ii) i gcás nach pearsa aonair an duine a bhí i seilbh na feithicle faoin gcomhaontú, gurbh é nó í an phearsa aonair a rinne an comhaontú leis an úinéir maidir le seilbh na feithicle a bheith aige nó aici faoin gcomhaontú

a bhí ag tiomáint na feithicle nó á húsáid ar shlí eile, an tráth a rinneadh an cion líomhnaithe.

(2) Chun críocha fho-alt (1)—

- (a) i ndáil le halt 103(11) den Phríomh-Acht, maidir le comhalta den Gharda Síochána, nó
- (b) i ndáil le halt 3(10) d’Acht 1975, maidir le maor tráchta,

beidh, gach tráth réasúnach, rochtain aige nó aici ar na nithe seo a leanas agus féadfaidh sé nó sí iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh orthu—

- (i) an clár a bheidh á choimeád faoi alt 131 den Acht Airgeadais 1992 nó faoi airteagal 22 de Rialacháin 1992,
- (ii) taifid a bheidh á gcoimeád faoi alt 60 (arna leasú le halt 86 den Acht Airgeadais 1994) den Acht Airgeadais 1993, nó
- (iii) aon doiciméid i seilbh an úinéara chláraithe a bhaineann leis an bhfeithicil lena mbaineann,

agus féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an úinéir cláraithe lena mbaineann nó ar dhuine ina fhostaíocht nó ina fostaíocht cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis i dtaobh chéannacht aon tiománaí ar an bhfeithicil lena mbaineann) a thabhairt a mheasfaidh an comhalta nó an maor is gá a thabhairt.

(3) Aon duine a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, doiciméad iomchuí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(iii)* nó cibé faisnéis is iomchuí chun críocha an ailt seo a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta nó a thabharfaidh faisnéis atá bréagach nó míthreorach beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €3,000 a chur air nó uirthi.

(4) I *bhfo-alt (1)(a), (b)* agus *(c)* ciallaíonn “pearsa aonair”—

- (a) stiúrthóir, bainisteoir, comhpháirtí, rúnaí nó oifigeach eile (lena n-áirítear comhalta d’aon choiste bainistíochta nó d’aon údarás rialaithe eile) de chuid comhlachta chorpraithe nó comhlachta neamhchorpraithe daoine ar ina ainm nó thar a cheann a rinneadh an t-iarratas, nó
- (b) an duine sin, é nó í féin, arb é nó í an stiúrthóir, an bainisteoir, an comhpháirtí nó an t-oifigeach eile é nó í, más é nó í a rinne an t-iarratas.

(5) San alt seo—

folaíonn “doiciméad” aon leabhar, taifead nó aon ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith lena n-áirítear aon fhaisnéis a bheidh á stóráil, á coimeád nó á coinneáil trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á coimeád nó á coinneáil i bhfoirm inléite;

ciallaíonn “Rialacháin 1992” na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú) 1992 (I.R. Uimh. 385 de 1992) (arna leasú);

ciallaíonn “maor tráchta” maor tráchta de réir bhrí Acht 1975.

Cion ag comhlacht corpraithe, etc.

20.—I gcás ciona faoi alt 103(8)(h) (a cuireadh isteach le halt 17(d)(ii) den Phríomh-Acht nó le halt 3(7)(h) (a cuireadh isteach le halt 23(c)) d’Acht 1975 a bheith déanta ag comhlacht corpraithe nó ag duine a airbheartóidh gníomhú thar ceann comhlachta chorpraithe nó thar ceann comhlachta neamhchorpraithe daoine agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúlcheadú aon duine eile nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh aon duine eile ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile (lena n-áirítear comhalta d’aon choiste bainistíochta nó d’aon údarás

rialaithe eile) de chuid an chomhlachta sin, nuair a rinneadh an cion, nó a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin an tráth sin, beidh an duine eile sin, chomh maith leis an gcomhlacht, nó an duine a airbheartóidh amhlaidh gníomhú thar ceann an chomhlachta, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

21.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 22 d'Acht 2002:

Ceadúnais tiomána daoine a chúisítear i gcionta áirithe a iniúchadh.

“22.—(1) Aon duine a líomhnófar go ndearna sé nó sí cion nó a chúiseofar i gcion a dhéanamh faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2004* seachas—

(a) alt 84 (a cuireadh isteach le halt 15 d'Acht 2002), alt 85 (a cuireadh isteach le halt 16 d'Acht 2002) nó alt 101 den Phríomh-Acht, nó

(b) alt 35 (a mhéid a bhaineann sé le locadh feithiclí) nó alt 36 d'Acht 1944,

agus a bheidh le láithriú os comhair cúirte chun an líomhaint nó an cúiseamh a fhreagairt, déanfaidh sé nó sí, ar an gcéad dáta a bheidh sé nó sí le láithriú os comhair na cúirte nó ar dháta dá éis sin de rogha an bhreithimh ceannais, a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird don Chúirt agus déanfaidh an Chúirt taifead i dtaobh cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an ceadúnas a thabhairt ar aird.

(2) Aon duine a mhainneoidh a cheadúnas nó a ceadúnas a thabhairt ar aird don chúirt de réir cheanglais fho-alt (1) beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoi fho-alt (2) beidh—

(a) cóip dheimhnithe d'ordú cúirte i ndáil le cion dá dtagraítear i bhfo-alt (1), nó

(b) aon chineál eile fógra lena ndeimhneofar nár tugadh an ceadúnas tiomána ar aird don chúirt mar a fhoráiltear i Rialacha Cúirte,

inghlactha mar fhianaise ar na fíorais sin.”.

22.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002—

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002.

(a) i gCuid 1—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gcolún (3) ag uimhir thagartha 9 i ndiaidh “Tiomáint neamhaireach”:

“i gcás go mbainfidh an cion le feithicil inneallghluaiste a úsáid”,

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an ábhair ag uimhir thagartha 16:

“

17	Cion faoi alt 51A den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961	Tiomáint gan aird chuí	2	4
----	--	------------------------	---	---

”

agus

- (b) i gCuid 4, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an ábhair i gcolún (3) ag uimhir thagartha 16:

“Mainneachtain síneacha sainordaitheacha áirithe a chomhlíonadh”.

Leasú ar alt 3 d’Acht 1975 (Maoir Thrácht).

23.—Leasaítear alt 3 (a cuireadh isteach le halt 12 d’Acht 2002) d’Acht 1975—

- (a) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) maidir le húinéir cláraithe na feithicle—

- (i) is pearsa aonair, nach raibh sé nó sí ag tiomáint na feithicle ná á húsáid ar shlí eile, nó
- (ii) is comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, nach raibh sé in ann an fheithicil a thiomáint ná a úsáid ar shlí eile,

tráth déanta an chiona líomhnaithe lena mbaineann an fógra,”

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) (a) Maidir le fógra faoin alt seo san fhoirm fhorordaithe féadfaidh sonraí maidir le modh íoca muirir sheasta a bheith ann.

- (b) D’ainneoin cheanglais fho-ailt (6), (7) agus (8) den alt seo lena gceanglaítear, maidir le muirear seasta a íoc, go mbeidh an fógra a sheirbheálfar nó a ghreamófar, de réir mar a bheidh, ina theannta, féadfaidh sonraí a bheith san fhógra sna foirmeacha forordaithe maidir le modh íoca an mhuirir sheasta nó maidir leis an íocaíocht a dhéanamh gan an fógra a bheith i dteannta na híocaíochta.”

- (c) i bhfo-alt (7), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (h):

“(h) faoi réir mhír (f) den fho-alt seo, gur cion é mainneachtain an fo-alt sin (4) a chomhlíonadh agus go ndlífear fineáil nach mó ná €1,000 a chur ar an úinéir cláraithe, ar é nó í a chiontú ann.”,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) Ní ghlacfar le híocaíocht muirir sheasta tar éis dul in éag don tréimhse 56 lá dar tosach dáta an fhógra lena mbaineann ar fógra é a seirbheáladh nó a greamaíodh faoi fho-alt (2) nó a seirbheáladh faoi fho-alt (4) den alt seo, de réir mar a bheidh.”,

agus

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) In ionchúiseamh mar gheall ar chion muirear seasta toimhdeofar, go dtí go suífead a mhalairt—

(a) gur seirbheáladh an fógra iomchuí faoin alt seo nó gur cuireadh faoi deara é a sheirbheáil, agus

(b) nach ndearnadh íocaíocht de bhun an fhógra iomchuí faoin alt seo, agus an fógra, arna chomhlánú go cuí, ina teannta (mura rud é go ndéantar foráil leis an bhfógra maidir leis an íocaíocht a dhéanamh gan an fógra a bheith i dteannta na híocaíochta).”.

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

24.—Leasaítear alt 36 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8) (a cuireadh isteach le halt 8(b) d’Acht 2002):

An tSeirbhís Chúirteanna do chur orduithe cúirte faoi alt 36 agus 29 den Phríomh-Acht in iúl don Aire.

“(8) Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fógra a thabhairt don Aire maidir le hordú arna dhéanamh—

(a) faoi fho-alt (3) nó (4) den alt seo,

(b) chun ordú faoi cheachtar de na fo-ailt sin a fhionraí nó a iarchur, nó

(c) faoi alt 29 den Acht seo chun deireadh a chur le dícháiliú iarmhartach nó coimhdeach.”.

25.—Leasaítear alt 9 d’Acht 2002—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

Leasú ar alt 9 d’Acht 2002 (dícháiliú de bhun an Choinbhinsiúin Eorpaigh maidir le Dícháiliú chun Tiomána).

“(8) Nuair a dhéanfaidh an breitheamh cuí ordú faoi fho-alt (2) nó nuair a dhiúltóidh sé nó sí déanamh amhlaidh, cuirfidh an tSeirbhís Chúirteanna an méid sin in iúl don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara go

dtabharfar fógra maidir leis an gcion sin d'údarás lárnach an Stáit ina ndearnadh an cion.”,

agus

(b) i bhfo-alt (9), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna—

- (i) fógra maidir leis an dícháiliú a thabhairt don Aire a luaithe is féidir, agus
- (ii) aon iarraidh ón Aire ar shonraí breise nó ar fhaisnéis bhreise a bhaineann leis an duine, leis an gcion, leis an dícháiliú, nó a bheidh ag teastáil ar shlí eile chun críocha an Choinbhinsiúin, a chomhlíonadh.”.

Ceadanna.

26.—(1) Leasaítear alt 35(2) d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (s):

“(t) eisiúint ceadanna ar mhuirear forordaithe ag údarás áitiúil, nó ag aon chomhlacht eile a bheidh údaraithe ag an Aire chun na ceadanna sin a eisiúint—

- (i) chun sealbhóirí ceada a dhíolmhú ó shrianta nó toirmisc ar locadh arna gcur chun feidhme faoin alt seo,
- (ii) chun ligean do shealbhóirí ceada feithiclí a locadh ag suímh shonraithe, nó
- (iii) chun sealbhóirí ceada a dhíolmhú ó fheidhm toirmeasc agus srianta ar thrácht sonraithe dul isteach ar bhóithre sonraithe nó iad a úsáid, agus

féadfar muirir ar leithligh a fhorordú i leith ceadanna éagsúla.”.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (6) d’alt 35 d’Acht 1994:

“(7) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó (seachas i leith ceada arna eisiúint faoi rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2)(t)(iii)) maor tráchta, gach tráth réasúnach, cead arna eisiúint faoi rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2)(t) a iniúchadh.

(8) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh, gan leithscéal réasúnach, iniúchadh ceada dá dtagraítear i bhfo-alt (7) a cheadú beidh sé nó sí ciontach i gcion.”.

Díolúintí d’fheithiclí éigeandála.

27.—Maidir le ceanglais faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2004* a bhaineann le feithiclí agus maidir le ceanglais, srianta agus toirmisc a bhaineann le feithiclí a thiomáint agus a úsáid, seachas na ceanglais a fhoráiltear faoi ailt 49 agus 50 (a cuireadh isteach le hailt 10 agus 11, faoi seach, d’Acht 1994), 51A agus 52 (a cuireadh isteach le hailt 49 agus 50, faoi seach, d’Acht 1968) agus 53 den Phríomh-Acht agus faoi ailt 12, 13, 14 agus 15 d’Acht 1994, ní

bheidh feidhm acu maidir le tiománaí feithicle briogáide dóiteáin, otharchairr nó comhalta den Gharda Síochána d'úsáid feithicle i gcomhlíonadh fheidhmeanna an chomhalta sin nó maidir le duine a bheidh ag tiomáint nó ag úsáid feithicle faoi stiúradh comhalta den Gharda Síochána, i gcás nach gcuirfidh an úsáid sin sábháilteacht úsáidirí bóthair i mbaol.

28.—Déanfar aon tagairt don Choimisinéir sna *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2004* a léamh mar thagairt don Choimisinéir nó do chomhalta eile den Gharda Síochána nach ísle céim ná Ardcheannfort a bheidh údaraithe ag an gCoimisinéir chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann nó chun feidhm nó ceanglas a chomhall thar a cheann nó thar a ceann.

Feidhmeanna
Choimisinéir an
Gharda Síochána.

29.—Leasaítear alt 84 (a cuireadh isteach le halt 15 d'Acht 2002) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “údarás áitiúil” i bhfo-alt (11):

Leasú ar alt 84 den
Phríomh-Acht
(fodhlíthe i ndáil le
háiteanna seasaimh
do thacsaithe).

“ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle baile (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001) seachas comhairle baile a luaitear i gCuid 2 de Sceideal 6 a ghabhann leis an Acht sin;”.

30.—(1) Ní sholáthróidh duine feithicil inneallghluaiste—

Feithiclí
inneallghluaiste a
sholáthar do
mhionaoiseach.

(a) do dhuine atá faoi bhun 16 bliana d'aois, ná

(b) seachas feithicil inneallghluaiste a mbeidh duine a bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige nó aici i dteideal ceadúnas tiomána a shealbhu ina leith, do dhuine atá faoi bhun 17 mbliana d'aois.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó iad araon a chur air nó uirthi.

(3) San alt seo folaíonn “soláthar”, soláthar ar mhodh díola, fruilithe, iasachta, bronntanais, nó modhanna eile chun an fheithicil a chur ar fáil do dhuine.

31.—(1) Féadfaidh údarás bóithre, le toiliú an Choimisinéara nó ar iarratas uaidh nó uaithi, aon trealamh nó déanmhas is inmhianaithe leis an údarás a sholáthar agus a chothabháil ar bhóithre poiblí atá faoina gcúram chun cionta a bhrath faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2004*.

Cumhacht údaráis
bóithre chun
trealamh áirithe,
etc. a sholáthar agus
a chothabháil ar
bhóithre poiblí.

(2) Aisghairtear alt 42 d'Acht 1994.

32.—Leasaítear alt 3(1) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “úinéir cláraithe”:

“úinéir cláraithe”.

tá le “úinéir cláraithe” an bhrí a shanntar dó leis na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú), 1992, (I.R. Uimh. 385 de 1992) (arna leasú leis na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú), 2004 (I.R. Uimh. 213 de 2004)), ach, má chúlghairtear na rialacháin sin, beidh leis an bhrí a shannfar dó le cibé rialacháin a bheidh ag freagairt do na rialacháin sin agus a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire;”.

Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána tar éis cion tráchta bóthair a dhéanamh.

33.—(1) Má tá cúis réasúnach ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint—

- (a) go ndearnadh feithicil inneallghluaiste a úsáid in áit phoiblí ar ócáid áirithe,
- (b) go bhféadfaí go ndearnadh cion faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2004 (lena n-áirítear cás inar thug an comhalta é féin nó í féin an úsáid faoi deara) de dhroim na húsáide, agus
- (c) gur dhuine áirithe a d'úsáid an fheithicil go hiarbhrí,

féadfaidh an comhalta aon tráth nó tráthanna tar éis na hócáide lena mbaineann a cheangal ar an duine ceadúnas tiomána, ar ceadúnas tiomána é a bhfuil éifeacht leis agus a cheadúnaíonn an duine chun an fheithicil a úsáideadh a thiomáint ar an ócáid lena mbaineann, a thabhairt ar aird i stáisiún Garda Síochána nó in áit eile a shonróidh an comhalta, laistigh den tréimhse 10 lá tar éis dháta déanta an cheanglais.

(2) Duine a mhainneoidh déanamh de réir ceanglais faoi *fho-alt (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

CUID 5

ÁRACHAS

Oibleagáid a bheith faoi árachas.

34.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 56.

“56.—(1) Ní úsáidfíidh duine (dá ngairtear an t-úsáidire san fho-alt seo) feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí mura rud é—

- (a) go mbeadh árachóir feithicle nó duine eiscthe faoi dhliteanas i leith díobhála a thiocthadh den duine sin d'úsáid na feithicle sin go faillíoch an t-am sin, nó
- (b) go mbeidh i bhfeidhm an t-am sin polasaí árachais formheasta faoina mbeidh an t-úsáidire, nó duine éigin eile a bheadh faoi dhliteanas i leith díobhála a thiocthadh den úsáidire d'úsáid na feithicle go faillíoch an t-am sin, faoi árachas in aghaidh na suimeanna uile, faoi réir fho-alt (2) den alt seo, gan teorainn, a dtiocfaidh an t-úsáidire nó a ionadaí nó a hionadaí pearsanta nó an duine eile sin nó a ionadaí nó a hionadaí pearsanta chun bheith faoi dhliteanas a íoc le duine ar bith (gan na daoine eiscthe a áireamh) i modh damáistí nó costas mar gheall ar dhíobháil do dhuine nó do mhaoin de dhroim an t-úsáidire d'úsáid na feithicle sin go faillíoch an t-am sin.

(2) Féadfaidh an t-árachas is gá de réir an ailt seo a bheith faoi réir na dteorainneacha seo a leanas agus na heisceachta seo a leanas nó faoi réir aon cheann acu—

- (a) féadfaidh sé, sa mhéid go mbainfidh sé
 - (i) le díobháil do dhuine, cibé suim a shonróidh an tAire i rialacháin a bheith de theorainn leis,

(ii) le díobháil do mhaoin, suim €200,000 de theorainn a bheith leis,

i leith díobhála de dhroim aon ghnímh áirithe amháin faillí nó aon sraithe áirithe amháin gníomhartha faillí ar aon teagmhas amháin iad le chéile,

(b) féadfar aon dliteanas (de bhreis ar an dliteanas a bhainfidh leis an gcás faoin dlí coiteann nó ar an dliteanas reachtúil a bhainfidh leis an gcás) faoina rachaidh an t-áracháí nó an príomhfhéichiúnach trí chonradh speisialta a eisceadh ón dliteanas a bheidh faoina chumhdach.

(2A) (a) Déanfar dréacht de gach rialachán a bheartaítear a dhéanamh faoi fho-alt (2)(a)(i) den alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an rialachán go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(b) Níl feidhm ag alt 5(2) den Acht seo maidir le rialachán arna dhéanamh faoi fho-alt (2)(a)(i) den alt seo.

(3) Baineann polasaí árachais formheasta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) den alt seo freisin le damáistí nó costais mar gheall ar dhíobháil do dhaoine nó do mhaoin mar thoradh ar an úsáidire d'úsáid feithicle inneallghluaiste go faillíoch in aon chríoch de na críocha ainmnithe a mhéid a cheanglaíonn an dlí a bhaineann le hárachas éigeantach i gcoinne dliteanais shibhialta i leith feithicilí inneallghluaiste de chuid na críche ina dtabhófar na damáistí nó na costais a úsáid, nó a mhéid a cheanglaítear leis an gCuid seo, cibé acu is mó.

(4) I gcás ina sáraíonn duine fo-alt (1) den alt seo, beidh sé nó sí agus, murab eisean nó ise úinéir na feithicle, an t-úinéir sin araon ciontach i gcion, agus ar é nó í a chiontú go hachomair, dlífead fíneáil nach mó ná €3,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Más rud é, in ionchúiseamh i leith ciona faoin alt seo, go suífead gur tharla, ar éileamh a dhéanamh faoi alt 69 den Acht seo—

(a) gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh an duine ar a ndearnadh an t-éileamh deimhniú árachais nó deimhniú díolmhaithe a thabhairt ar aird an t-am sin agus san áit sin, nó

(b) gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh an duine sin, tar éis dó nó di an deimhniú sin a thabhairt ar aird go cuí de dhroim an éilimh, a cheadú don chomhalta den Gharda Síochána dar tugadh an deimhniú sin ar aird é a léamh agus a scrúdú,

toimhdeofar, go dtí go suífidh an cosantóir a mhalairt, go raibh an fheithicil á húsáid de shárú ar an alt seo.

(6) I gcás inarb é nó í úinéir na feithicle an duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo, is cosaint ar an gcúiseamh don duine a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid gan a thoiliú nó a toiliú agus go raibh gach cúram réasúnach glactha aige nó aici chun nach n-úsáidfí í nó go raibh sí á húsáid ag a fhostaí nó a fostaí ag gníomhú dó nó di de shárú ar a threoracha nó a treoracha.

(7) I gcás inarbh fhostaí d'úinéir na feithicle duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo, is cosaint ar an gcúiseamh don duine a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid aige nó aici de réir treoracha sainráite ón úinéir.

(8) Sa Chuid seo, ciallaíonn ‘críocha ainmnithe’ críocha Eorpacha Bhallstáit na gComhphobal Eorpach (seachas an Stát) agus an Chróit, an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis.

(9) Sa Chuid seo, aon tagairt do chríoch inar gnách feithicil a bheith bunaithe is tagairt í—

- (a) do chríoch an stáit a bhfuil a pláta cláraithe ar an bhfeithicil,
- (b) i gcás nach gá clárú le haghaidh cineáil feithicle inneallghluaiste, ach go mbeidh pláta árachais nó comhartha idirdhealaitheach ar an bhfeithicil atá ar aon dul leis an bpláta cláraithe, do chríoch an stáit ina n-eisítear an pláta nó an comhartha, nó
- (c) i gcás nach gá pláta cláraithe, pláta árachais ná comhartha idirdhealaitheach le haghaidh feithicle inneallghluaiste, do chríoch an stáit ina bhfuil buanchónaí ar an duine a bhfuil an fheithicil ina choimeád nó ina coimeád.

(10) Sa Chuid seo—

folaíonn ‘feithicil inneallghluaiste’ leathleantóir nó leantóir (cúplaithe nó díchúplaithe le feithicil inneallghluaiste) a úsáidtear in áit phoiblí;

ciallaíonn ‘leathleantóir’ an chomhpháirt tharraingthe d’fheithicil altach nó d’fheithicil atá déanta nó oiriúnaithe chun úsáide mar an chomhpháirt tharraingthe sin;

ciallaíonn ‘leantóir’ feithicil atá i gceangal le feithicil inneallghluaiste (nó le feithicil eile atá i gceangal le feithicil inneallghluaiste) nó feithicil atá déanta nó oiriúnaithe chun bheith tarraingthe ag feithicil inneallghluaiste.

(11) Ní léifear aon ní sa Chuid seo mar ní lena leathnaítear cumhdach árachais bóthair éigeantach chun aon duine i leathleantóir nó i leantóir nó ar an gcéanna nuair a úsáidfear é in áit phoiblí.”.

LEASÚ AR AN ACHT UM RIALÁIL TACSAITHE 2003

36.—Leasaítear alt 36 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003—

Leasú ar alt 36 den
Acht um Rialáil
Tacsaithe 2003
(dícháiliú
sainordaitheach).

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur i ndiaidh mhír (i) in ionad an ábhair ó “beidh an duine—”, agus na focail sin san áireamh, síos go dtí “arna chúlghairm.”, agus na focail sin san áireamh:

beidh an duine—

- (i) i gcás é nó í a chiontú go hachomair, má dhéanann an Chúirt pionós seachas téarma príosúnachta (a mbeidh an duine á chur isteach go hiomlán nó go páirteach) a fhorchur, dícháilithe chun ceadúnas a shealbhú go ceann tréimhse 12 mhí agus, dá réir sin, i gcás inar sealbhóir ar cheadúnas an duine, beidh an ceadúnas arna fhionraí go ceann na tréimhse sin,
- (ii) in aon chás eile, faoi réir fho-alt (2), dícháilithe chun ceadúnas a shealbhú agus, dá réir sin, i gcás inar sealbhóir ar cheadúnas an duine, beidh an ceadúnas arna chúlghairm.”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Tiofaidh dícháiliú, cúlghairm nó fionraí faoi fho-alt (1) in éifeacht—

- (a) ar dhul in éag don ghnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann, agus

- (b) i gcás achomharc a bheith ann—

- (i) má dhaingnítear an ciontú, ar é a dhaingniú, nó

- (ii) ar é a tharraingt siar.”,

- (c) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii) agus an ábhair a leanann na fomhíreanna sin, go dtí deireadh an fho-ailt:

“(i) i gcás ina ndéanfar an cion a thriail—

- (I) go hachomair, chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar ina dhúiche chúirte dúiche nó ina dúiche chúirte dúiche, nó

- (II) ar díotáil sa Chúirt Chuarda, chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda ar ina chuaird nó ina cuaird,

a bheartaíonn an duine seirbhísi beagfheithiclí seirbhíse poiblí a sholáthar,

nó

- (ii) i gcás go ndéanfar an cion a thriail ar díotáil san Ard-Chúirt, chuig breitheamh den Ard-Chúirt, chun cead a fháil iarratas a dhéanamh ar cheadúnas faoi cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis an gCúirt.”,

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Aon duine a mbeidh sé ar intinn aige nó aici iarratas a dhéanamh chun na Cúirte faoi fho-alt (2) tabharfaidh sé nó sí fógra 21 lá i scríbhinn do Cheannfort an Gharda Síochána don dúiche ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an t-iarratas a dhéanamh agus, i gcás inar sealbhóir ar cheadúnas an duine, don údarás ceadúnúcháin a dheonaigh an cheadúnas.

- (b) Nuair a bheidh an t-iarratas faoi fho-alt (2) á éisteacht—

(i) féadfaidh Ceannfort an Gharda Síochána,

(ii) i gcás inar sealbhóir ar cheadúnas an duine a bheidh ag déanamh an iarratais, féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin a dheonaigh an cheadúnas, agus

(iii) féadfaidh aon duine eile a mheasfaidh an Chúirt a bheith iomchuí nó dá ndéanfaidh an t-iarratas difear,

láithriú agus beidh sé nó sí i dteideal éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird don Chúirt, agus féadfaidh an Chúirt aon fhianaise den sórt sin a bhreithniú le linn di iarratas ó dhuine faoi fho-alt (2) a bhreithniú.

- (c) Cuirfidh an Chúirt faoi deara fógra maidir lena cinneadh ar iarratas faoi fho-alt (2) a thabhairt do Cheannfort an Gharda Síochána don dúiche ina bhfuil gnáthchónaí ar an iarratasóir agus don údarás ceadúnúcháin lena mbaineann, de réir mar is cuí.

- (d) Is cinneadh críochnaitheach cinneadh na Cúirte ar iarratas faoin fho-alt (2), ach amháin, le cead na Cúirte, go bhféadfar achomharc i gcoinne an chinnidh a dhéanamh—

(i) i gcás cinnidh ón gCúirt Dúiche nó ón gCúirt Chuarda, chun na hArd-Chúirte, nó

(ii) i gcás cinnidh ón Ard-Chúirt, chun na
Cúirte Uachtaraí,

ar cheist shonraithe dlí.”,

agus

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-
alt (3):

“(3A) Tá feidhm ag fo-alt (1) maidir le duine a bheidh ciontaithe i gcion dá dtagraítear san fho-alt sin roimh thosach feidhme an fho-ailt sin seachas duine atá ciontaithe nó a ciontaíodh go hachomair i gcás nach bhforchuirtear téarma príosúnachta ar an duine nó nár forchuireadh téarma príosúnachta ar an duine i leith ciona a rinneadh roimh an tosach feidhme.”.